

CNOC CHATHAIL ÓIG

Tá cuan taobh thiar den Chnoc idir An Cnoc agus Daimhinis a mbíodh soithigh ag tigheacht ann fadó. Cuan Chaisín atá air. Tháinig soitheach ann fadó. Bhíodar a radh gur soitheach Spainneach a bhí innte. Bhíodar tamall mór ann agus bhíodar a gul amach a foghailéiracht muinntir na luinge. Sé an t-ainm a bhí ar an gcaiptín Cathal Ó Flaitheanta. Bhí sé a gul thart sa mbaile seo a bhfuil an Cnoc ann. Rinne sé suas le bean óg a bhí ann de mhuintir Fhíni. Pé brí sgéal é d'imthigh an caiptín nuair a bhí sé sgathamh maith ann agus sheol sé leis. Bhí an bhean fágtha i néindigh le na h-athair agus le beirt dreathár. Casadh trioblóid ar an mbean annsin agus nuair a fuair na dreatharacha amach é sin d'imthigh said agus níl fios cá ndeachaidh said.

Níor fítheadh tuairisg ná fáisnéis ariamh orthu. Bhí Mac óg ag an mbean óg. Sé an t-ainm a tugadh air Cathal Ó Flaithearta, ba é sin Cathal Óg. Faoi cheann bliana arís tháinig an Caiptín arís, sean Chathal agus bhí mac beirthe roimhe agus d'fhan sé sgathamh mór agus phós sé féin agus an bhean. Nuair a bhí sé sgathamh maith pósta agus an páiste cruaidh roinnt d'fhág sé Cathal Óg i néindigh leis an sean-athair agus dh'fág sé an oiread airgid acu agus gur fhéad an sean-fhear duine íoc a thóigfeadh an páiste dhó. D'imthigh an Caiptín annsin agus a bhean i néindigh agus ní tháinig ceachtar aca arís don tír.

Nuair a bhí Cathal Óg suas ina fhear phós sé féin arís agus bhí mac aige.

Sé an t-ainm a tugaidís ar an mac seo Brian Dubh. Sé an áit a ndeachaidh sé ina chomhnaidhe amach go Leitir Móir agus ba mac eile de Brian Dubh, Seán Bán a bhí ina chomhnaidhe i bPoll Uí Mhuirinn i nOileán Gorumna. Bhí triúr mac ag Seán Bán agus ingean. Éamon Ó Flaithearta a bhí ar dhuine acab. Proinnsias Ó Flaithearta a bhí ar dhuine eile acab. Bhí sé ina chomhnaidhe i dTír Ní agus ar Inis Mhac Ena. Tá cuid dá bhunadh i gcomhnaidhe annsin. Liam a bhí ar an tríomhadh mac. Bhí sé ina chomhnaidhe i mBaile na Cille, Cuigéal. Bean de Mháillígh na gCaothrán a bhí ina mháthair- Máirtín Ó Máille na gCaothrán ar aghaidh Chún Chasla. Is as sin a chuaigh Máirtín Ó Máille go hÁrainn (Tá sé luaidhte ag Reachtarbha).

An ingean a bhí ag Seán Bán rinne sí cleas go bfeicadh sé pictiúr an fhir a phósfaidh sí sa gcleas. Chuaigh sí amach lá ar chnocán inaice leis an gCaoláire. Bhí soitheach a gul aniar an Caoláire go Gaillimh. Bhí gloine ag ingean Uí Fhlaithearta agus chonaic sí ar an soitheach an fear a bfaca sí a pictiúr sa gcleas. Níor stop sí ariamh go ndeachadh sí go Gaillimh agus d'innis sí an sgéal do chaipitín na loinge. D'innis sí go aithnigh sí gurb é a chonnaic sí sa gcleas. Phósadhar ar an bpointe agus chuaigh sí chun fairaige i néindigh leis.

Éamon a bhí ina chomhnaidhe i Leitir Móir, bhí go leor talamhan aige. Bhí an Máimín aige, Gleann Treasna, an Druim, Seanamheas, Poll Uí Mhuirinn, Baile na Cille, Leitir Móir agus Eanach Feadhan. Bhí an méid sin bailte aige agus tonóntaí ag íoc cíós leis. Bhí go leor báid aige agus b'as Gorumna uilig an mead bádóirí a bhí aige. Bhíodh chuile dhuine a bhí indon

ag deanamh ceilpe ó Lá Bealtaine go Lá Samhna. Chaithidís a ghul dá dhéanamh má b'ólc maith leob é. An feamann dubh a bhíodh dá bhaint aca le haighaidh na ceilpe. Bhíodh brácaí acu ar an gcladach ar na caraidheacha a mbíodh a dhéanamh na ceilpe agus bhídís ag codladh agus ag ithe ins na brácaí gan iad a fhágáil ach ag triomú na feamaine agus dá dóghadh. Cheannuigheadh Éamon Ó Flaithearta an cheilp uatha agus chuireadh sé chun bealaigh go Gaillimh ina cuid bád féin. Bhíodar ann ariamh go dtáinig an droch-shaoghal agus ní raibh na tonóntaí indon tada a thabhairt dóibh.

Ach ba ag an mac óg a fhág an Caiptín na dhiadh a baisteadh an Cnoc a bhfuil Cnoc Chathail Óig air. D'imthigh na Flaitheartaigh ach tá an Cnoc ann agus béidh go deo.

I gCill Mhuirbhe i nÁrainn dom Lá fhéile Peadair agus Póil 1933

Is amhlaidh a bhí an sgéalaidhe i nÁrainn romhainn nuair a tháinig mé indé. Thug Robin Flowers isteach é ón gCaigéal i mbád seoil go gcluineadh Robert Flaherty ag sgealaidheacht é féachaint an ndéanaidh sé cúir do'n sgáinán.